AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2024
COM(2024) 601 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Beilge

{SWD(2024) 600 final} - {SWD(2024) 601 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Beilge

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tháinig sé i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Is rud í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

---

1 IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

2 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

(2) Is é is aidhm do Rialachán REPowerEU[3], arna ghlacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar acmhainneachtaí stórála, ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Bheilg caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030'[4], ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an Teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú ar naoi spreagadh a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus an margadh aonair na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, lean an Coimisiún an Teachtaireacht seo leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas[5]. Déantar cur síos sa tuarascáil ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha Mhargadh Aonair na hEorpa, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe[6], rud a chuir tús le timthriall 2024 an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024 d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tsuirbhé, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin sé inti go bhfuil an Bheilg ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Beilge 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh a ghlac an Chomhairle an 12 Aibreán 2024, chomh maith leis an togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a ghlac an Chomhairle an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Cuimsítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón

---

3 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj.

4 COM(2023) 168 final.

5 COM(2024) 77 final.

6 COM(2023) 901 final.

gComhairle. Cuimsítear ann freisin Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme agus Treoir 2011/85/AE leasaithe maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[7]. Is iad cuspóirí an chreata nua inbhuanaitheacht na bhfiach poiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach trí chomhdhlúthú fioscach a dhéanamh de réir a chéile mar aon le hathchóirithe agus infheistíochtaí. Cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ba cheart do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Sna pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta atá ag Ballstát, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 bliana nó 5 bliana, de réir fhad rialta an reachtais náisiúnta. Ba cheart go mbeidh an chonair ghlanchaiteachais[8] sa phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach náisiúnta i gcomhréir le riachtanais Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, lena n-áirítear na riachtanais maidir leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur nó a choinneáil ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse choigeartúcháin ar a dhéanaí, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéal stuama faoi bhun 60 % de OTI, agus easnamh an rialtais a thabhairt agus/nó a choinneáil faoi bhun luach tagartha de 3 % de OTI go meántéarmach. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, féadfar síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, an [21 Meitheamh] 2024, treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le hábhar na bpleananna agus na dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a eiseofar ina dhiaidh sin a bheidh orthu a chur isteach agus, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1263, tarchuirfidh sé chucu treoir theicniúil maidir leis na coigeartuithe fioscacha (conairí tagartha agus faisnéis theicniúil i gcás inarb infheidhme). Ba cheart do na Ballstáit a bpleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a bparlaimintí náisiúnta rannpháirteach, agus go rachfar i gcomhairle le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha, le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara náisiúnta eile, de réir mar is iomchuí.

(6) In 2024 tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go

---

[7] Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj) agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

[8] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE)2024/1263 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj). Ciallaíonn ‘glanchaiteachas’ caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an Aontas, (v) ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar scair suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 30 Aibreán 2021, chuir an Bheilg a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge[9], a leasaíodh an 8 Nollaig 2023 de réir Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun na ranníocaíochta uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[10]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an mBeilg. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 30 Aibreán 2024, thíolaic an Bheilg a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na Beilge maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 maidir leis an mBeilg [11] an 19 Meitheamh 2024. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Beilge ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Beilge ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge (10161/2021).

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge a fhormheas (15570/2023).

11 SWD(2024) 601 final.

(10) Bunaithe ar shonraí atá fíoraithe ag Eurostat[12], tháinig méadú ar easnamh ginearálta rialtas na Beilge ó 3,6 % de OTI in 2022 go heasnamh de 4,4 % de OTI in 2023, agus tháinig méadú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 104,3 % de OTI ag deireadh 2022 go dtí 105,2 % ag deireadh 2023. Mar a fógraíodh sa treoraíocht maidir leis an mbeartas fioscach le haghaidh 2024[13], tá an chéad chéim á glacadh ag an gCoimisiún maidir leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh a oscailt, ar bhonn na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair. An 19 Meitheamh 2024 ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) de CFAE[14]. Sa tuarascáil sin, rinneadh measúnú ar staid bhuiséadach na Beilge, toisc go raibh a heasnamh rialtais ghinearálta in 2023 níos mó ná an luach tagartha de 3 % de OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna bhunú faoi Airteagal 126(4) CFAE a mheas, go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh i mí Iúil go gcuirfí tús le nós imeachta um easnamh iomarcach, trína mholadh don Chomhairle Cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 126(6) lena suítear gurb ann d'easnamh iomarcach don Bheilg.

(11) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle[15] go ndéanfadh an Bheilg beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh[16], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. An tráth céanna, moladh don Bheilg a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Bheilg freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[17] forleathnaitheach, faoi 0,7 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh rannchuidiú forleathnaitheach 0,4 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costas laghdaithe na mbeart tacaíochta éigeandála spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí ó thaobh méaduithe 0,1 % de OTI ar phraghsanna fuinnimh. Dá bhrí sin, ní raibh fás an

---

12 Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2024

13 COM(2023) 141 final.

14 Tuarascáil ón gCoimisiún arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 19.6.2024, COM(2024) 598 final.

15 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Beilge um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Beilge 2022 *IO C 334, 1.9.2022, lch. 1*.

16 Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 5,7 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa Bheilg in 2023, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

17 Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an t-athrú bliantúil ar riocht foluiteach buiséadach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

ghlanchaiteachais reatha phríomha a mhaoinítear go náisiúnta de bhreis ar an bhfás aschuir ionchasach meántéarmach de thoradh na tacaíochta spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh. Méaduithe buana i bpá na hearnála poiblí agus sna sochair shóisialta a eascraíonn as an sásra um innéacsú uathoibríoch, laghdú sealadach i ranníocaíochtaí sóisialta fostóirí in 2023, agus costais bhuiséadacha mhéadaitheacha a bhaineann le haosú déimeagrafach, ba iad ba chúis leis an bhfás forleathnaitheach ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Mar achoimre, ní raibh fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. In 2023, 0,3 % de OTI a bhí sa chaiteachas arna mhaoiniú le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 2,8 % de OTI in 2023, is é sin méadú 0,1 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an Bheilg infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh sí infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, amhail infheistíochtaí i mbonneagar iarnróid agus rothaíochta, athchóiriú ar fhoirgnimh phoiblí, agus bonneagar hidrigine, a chistítear go páirteach leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(12) Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomh-mheastacháin i gClár Cobhsaíochta 2024 mar seo a leanas. Sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tuartar go bhfásfaidh an fíor-OTI 1,4 % in 2024 agus 1,3 % in 2025, agus tuartar gurb éard a bheidh i mboilsciú ICP 2,8 % in 2024 agus 1,8 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 4,6 % de OTI in 2024 agus go 3,6 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 106,2 % faoi dheireadh 2024 agus go 106,8 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an mbarrachas rialtais ghinearálta go 2,9 % de OTI in 2026, agus go dtiocfaidh méadú air go 2,3 % in 2027. Dá bhrí sin, meastar go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de luach tagartha an easnaimh OTI ó 2026 ar aghaidh. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile, tar éis 2025, ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 106,6 % de OTI in 2026 agus 106 % in 2027.

(13) Tuartar i Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún go bhfásfaidh fíor-OTI le 1,3 % in 2024 agus le 1,4 % in 2025, agus go mbeidh boilsciú ICPT ar 4 % in 2024 agus ar 2,3 % in 2025.

(14) Tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 4,4 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le fanacht ag 105 % in 2024. Farasbarr sealadach sa mhaolán airgid a fuarthas ag deireadh na bliana 2023 mar thoradh ar sceitheadh bannaí stáit a léirítear le cobhsaíocht an chóimheasa fiachais-OTI in 2024, den chuid is mó. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach maolaitheach ag 0,1 % de OTI in 2024.

(15) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 0,2 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha (“deontais”) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2023, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Beilge.

(16) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle don Bheilg[18] beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta [19]in 2024 a theorannú go méid nach mó ná 2 %. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a nDréachtphleananna Buiséadacha le haghaidh 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh bunaithe ar na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 4 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Beilge a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, figiúr atá os cionn an uasráta fáis a mholtar. An caiteachas breise sin thar an ráta uasta fáis a moladh sa ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta, comhfhreagraíonn sé do 1 % de OTI in 2024. Tá an baol ann nach bhfuil sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(17) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Bheilg gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh, agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Shonraigh an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Bheilg a áirithiú go spriocdhírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 0,4 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach[20] na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0 % a bheidh ann in 2024 agus in 2025. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 0,4 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear rannchuidiú crapthach ó ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta[21] leis an staid fhioscach 0,1 % de OTI sa bhliain sin. Meastar go ndéanfar na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, ní mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá an baol ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle.

(18) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Bheilg infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú, agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais go

---

18 Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Beilge um Athchóiriú 2023 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Beilge 2023 IO C 312, 1.9.2023, lch. 12.

19 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

20 Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

21 Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha an rialtais ghinearálta, glan ar (i) tionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú uirthi go 2,9 % de OTI in 2024, ó 2,8 % de OTI in 2023. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí ag 0,3 % de OTI in 2024.

(19) Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 4,7 % de OTI in 2025. Tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 106,6 % ag deireadh 2025. Den chuid is mó léiríonn an méadú ar an easnamh agus ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 caiteachas reatha atá ag dul in airde go struchtúrtha, spreagtha go háirithe ag costais a bhaineann le haosú déimeagrafach agus íocaíochtaí úis níos airde ar fhiachas poiblí.

(20) Tá rioscaí arda ann sa Bheilg ó thaobh na hinbhuanaitheachta fioscaí. Mar aon leis an riocht buiséadach tosaigh neamhfhabhrach, is é an méadú sa chaiteachas a bhaineann le haosú, i bhfianaise daonra atá ag dul in aois go tapa, an fachtóir spreagtha is mó atá ina chúis leis an measúnú riosca ard. Dar le Tuarascáil 2024 ar an Aosú ón gCoimisiún[22], meastar go dtiocfaidh ardú de réir a chéile ar an gcaiteachas a bhaineann le haosú ó 26,8 pointe céatadáin de OTI in 2022 go dtí 31,9 phointe céatadáin de OTI in 2070. Den chuid is mó, caiteachas ar phinsin agus ar chúram sláinte fadtéarmach is cúis leis an ardú 5,1 pointe céatadáin de OTI faoi 2070. Meastar go dtiocfaidh ardú 3,5 phointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas ar phinsin idir 2022-2070, i gcomparáid le 0,4 pointe céatadáin de OTI ar an meán san Aontas. Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge athchóiriú pinsean arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, mar aon le cuspóirí eile amhail inbhuanaitheacht shóisialta an chórais a fheabhsú, daoine a dhreasú chun bheith gníomhach i margadh an tsaothair tar éis dóibh coinníollacha luathscoir a chomhlíonadh agus cóineasú níos fearr a áirithiú idir córais pinsean agus laistigh díobh. Maidir le cúram fadtéarmach, is 2,3 % de OTI in 2022 a bhí i gceist le caiteachas poiblí (meán AE: 1,7 %), rud a d'fhág go raibh an Bheilg ar cheann de na tíortha a raibh an caiteachas is airde ar chúram fadtéarmach aici san Aontas. Faoi 2070, tuartar go dtiocfaidh méadú breise ar chaiteachas cúraim fhadtéarmaigh go 1,7 pointe céatadáin de OTI, i gcomparáid le meánmhéadú de 0,8 pointe céatadáin san Aontas. In 2022, bhí an caiteachas ar an gcúram institiúideach sa Bheilg ag 1,4 pointe céatadáin de OTI, leibhéal atá i bhfad níos airde ná meán an Aontais (0,8 pointe céatadáin de OTI). Tugann na sonraí atá ar fáil le fios go bhfuil líon na ndaoine scothaosta a chuirtear in ionad cónaithe gan ghá nó ar a laghad ró-luath fós ard, cé go bhfuil sé ag laghdú le deich mbliana anuas. Go háirithe, léirítear sna sonraí go bhfuil líon na ndaoine atá neamhspleách nó beagán spleách ar an gcúram agus a bhfuil cónaí orthu i saoráidí cúraim chónaithe ard sa Bhruiséil agus sa Vallúin. Tá tús curtha ag na heintitis chónasctha le hathchóirithe chun feabhas a chur ar úsáid chostéifeachtúil na socruithe cúraim éagsúla, go háirithe chun institiúidiú neamhriachtanach nó róluath a sheachaint agus a mhoilliú. Mar sin féin, níl go leor dul chun cinn á dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán na hinbhuanaitheachta fioscaí.

[22] An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, An Tuarascáil um Aosú, 2024, ar fáil ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_en

(21) Tá an Bheilg ar cheann de na tíortha ag a bhfuil na leibhéil cánachais agus caiteachais is airde san Aontas. Áirítear ardleibhéal caiteachais cánachais agus fóirdheontais phá ar an gcaiteachas iomlán. Thairis sin, cruthaítear dídhreasachtaí airgeadais chun oibre de bharr leagan amach chóras cánach agus sochar sóisialta na Beilge, rud a chuireann leis an ráta íseal rannpháirtíochta i margadh an tsaothair sa tír (76,1 % i comparáid le meán an Aontais, 80,0 %, in 2023 (aoisghrúpa 20-64)). Tá cánacha saothair (cánacha ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí sóisialta) le haghaidh saothraithe ar phá íseal agus ar an meánphá ar an leibhéal is airde san Aontas, agus tá ioncam ó chánacha tomhaltais, lena n-áirítear cánacha fuinnimh, faoi bhun mheán an Aontais. Le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, cruthaítear dídhreasachtaí láidre chun oibre le gnéithe cánach sonracha amhail an 'an comhrann pósta'[23]. Thairis sin, díspreagtar daoine dul i mbun oibre nó tuilleadh uaireanta oibre a dhéanamh le leagan amach an chórais sochar sóisialta. In go leor cásanna, tá sochair shóisialta bunaithe ar stádas agus ní dhéantar tástáil acmhainne orthu, rud a chuireann bac ar éifeachtúlacht an chórais sochar. Tá sochair dífhostaíochta neamhtheoranta ó thaobh ama de agus ní dhéantar tástáil acmhainne orthu i gcás daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, rud a ghéaraíonn na sáinneacha dífhostaíocht gurb ann dóibh cheana. D'fhéadfaí fostaíocht a ardú tríd an ualach cánach a aistriú ón saothar chuig boinn chánach eile agus tríd an gcóras cánach agus sochar a shimpliú.

(22) Maidir leis na riachtanas atá ann ó thaobh comhtháthaithe struchtúrtha, bheadh gá laghdú sa cháin saothair a mhaoiniú ina iomláine, lena n-áirítear trí chaiteachas cánach a laghdú agus trí fhóirdheontais cánach breosla iontaise a chéimniú amach de réir a chéile. Déantar an t-ualach ard cánach ar an saothar a fhritháireamh le go leor fóirdheontais phá, agus baintear úsáid forleathan as asbhaintí cánach sa Bheilg. In anailís arna déanamh ag an Ardchomhairle Airgeadais [*Conseil Supérieur des Finances/Hoge Raad van Financiën*][24], léiríodh go bhfuil an caiteachas cánach costasach don bhuiséad, agus gurb iondúil go dtugtar tús áite d'fhostaithe ardioncaim agus go cruthaítear neamhéifeachtúlachtaí leis. Tá scéim na ngluaisteán cuideachta agus an díolúine ó cháin a choinneáil siar le haghaidh obair T&D agus sealobair i measc na gcaiteachas cánach a bhfuil an costas is airde ag baint leo. Ina theannta sin, tá an córas cánach casta mar gheall ar fhóirdheontais phá agus caiteachas cánach eile, rud a chuireann leis an ualach ard rialála agus a chuireann isteach ar an timpeallacht ghnó. Thairis sin, ní dhírítear tacaíocht cánach T&D ar na cuideachtaí a bhfuil an acmhainneacht fáis is airde acu[25]. Tá gnéithe eile den chóras cánach a shaobhann cinntí infheistíochta agus an riosca, rud a chruthaíonn ró-infheistíocht i sócmhainní áirithe. In 2021, measadh fóirdheontais dhíreacha breosla iontaise na Beilge a bheith cothrom le EUR 12 billiún (2,4 % de OTI) agus fóirdheontais indíreacha na Beilge a bheith cothrom le níos mó ná EUR 2,6 billiún[26]. Áirítear i bhfóirdheontais dhíreacha breosla iontaise dleachtanna máil ísle ar ghás agus ola téimh i gcomparáid le leictreachas. In éineacht le costais arda an líonra leictreachais, cruthaíonn an méid sin difríochtaí móra praghsanna idir bhreoslaí iontaise agus leictreachas, rud a chuireann moill ar an aistriú chuig[27]. Ina theannta sin, téann an tacaíocht leanúnach sin don ola

---

23 Tá córas roinnte ioncaim ann sa Bheilg ('an comhrann pósta') lena bhféadfar cion d'ioncam proifisiúnta an duine a thuilleann pá a shannadh ar an duine nach dtuilleann pá.

24 Conseil Supérieur des Finances/Hoge Raad van Financiën, 2020, *Reducing the tax burden on labour and financing options*.

25 Schoonackers, R., 2020, *Tax incentives for R&D: Are they effective?* NBB Economic Review.

26 FPS Finance, 2024, *Inventory of federal fossil fuel subsidies*.

27 FPS Health and Finance, 2023, *The landscape of carbon and energy pricing and taxation in Belgium*.

teasa agus gás nádúrtha i gcoinne ghealltanais na Beilge chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cáilíocht an aeir a fheabhsú. Ní bhaintear úsáid leordhóthanach as cánacha iompair agus truaillithe (e.g. ní bhaineann dolú cliste bóthair ach le feithicil tromshaothair) agus d'fhéadfaí iad a úsáid chun ioncam breise a ghiniúint. Tá costas ar leith ag baint leis an gcaiteachas cánach, amhail an aisíocaíocht pháirteach ar dhleachtanna máil ar díosail d'iompróirí bóthair proifisiúnta, agus tá sé díobhálach don chomhshaoil freisin, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar bhrú tráchta agus ar thruailliú aeir.

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na nithe sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar scair suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Beilge tríd an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta a áirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Bheilg leanúint d'athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, trí rialachas éifeachtach a áirithiú. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(24) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar na cistí beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an Spáinn athbhreithniú a dhéanamh ar gach clár faoi Mhárta 2025, agus aghaidh á thabhairt, i measc nithe eile, ar na dúshláin arna n-aithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, 2024, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an mBeilg maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá dúshláin ann fós. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ard sa Bheilg i ndáil leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear dlús le cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe. Tá na tosaíochtaí a chomhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Tá sé an-tábhachtach go gcuirfear na infheistíochtaí a bhaineann le borradh a chur faoin taighde chun feidhme go tapa, mar aon leis na infheistíochtaí a bhaineann leis an aistriú glas, oiriúnú don athrú aeráide agus éifeachtúlacht fuinnimh. Is tosaíocht é fós rochtain ar bhearta fostaíochta agus gníomhachtaithe a fheabhsú, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, daoine dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine óga. Tá sé ríthábhachtach go leanfar ag tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil chun soghluaisteacht agus dul in oiriúint fostaithe a fheabhsú. Ina theannta sin, tá gá ann i gcónaí cuimsiú gníomhach agus infhostaitheacht grúpa faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn. D'fhéadfadh an Bheilg úsáid a bhaint freisin as an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip chun tacú le claochlú na tionsclaíochta, trí hardtheicneolaíochtaí agus ardseirbhísí digiteacha agus ábhair shárfhorbartha agus chiorclacha a fhorbairt a thuilleadh, mar aon le hacmhainneacht a bhaineann le fuinneamh glan inbhuanaithe, tithíocht athléimneach agus nuálaíocht don tsláinte.

(25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile ón Aontas, tá roinnt dúshlán breise le sárú ag an mBeilg i ndáil le ganntanas lucht saothair agus mí-oiriúint scileanna, grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chomhtháthú i margadh an tsaothair, feidhmíocht agus cáilíocht an chórais oideachais, gairm na múinteoireachta agus dúshláin eile a bhaineann leis an timpeallacht ghnó, an t-ualach agus castacht rialála, mar aon le teorainneacha in earnáil na seirbhíse. Trí haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, d'fhéadfaí scileanna fostaithe agus torthaí oideachais scoláirí a fheabhsú, arb é an toradh a bheadh ar an méid sin go dtiocfadh ardú ar an táirgiúlacht saothair, agus go dtabharfaí an fhostaíocht níos giorra don sprioc le haghaidh 2030, 80 %.

(26) Léiríonn an ráta folúntas ard go bhfuil ganntanas lucht saothair ann, rud atá níos suntasaí i measc na ngairmeacha teicniúla a bhfuil gá leo chun dlús a chur leis an aistriú glas. Is údar imní é comhtháthú grúpa faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine a bhfuil leibhéal oideachais níos ísle acu, a mbaineann cúlra imirceach leo nó atá faoi mhíbhuntáiste. Tá líon na gcéimithe, go háirithe líon na mban, san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM) fós íseal (16,4 in aghaidh gach 1 000 áitritheoir idir 20-29 mbliana d'aois i gcomparáid le 21,9 san Aontas). Ina theannta sin, tá an t-aistriú ón dífhostaíocht chuig an bhfostaíocht faoi bhun mheán an Aontais. Tugtar le fios leis sin go bhfuil deiseanna ann éifeachtacht na mbeartas gníomhaíochta a fheabhsú, go háirithe trí héifeachtúlacht seirbhísí poiblí fostaíochta a fheabhsú, agus trí bhearta a dhíriú ar thacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus oibrithe ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach a lánpháirtiú sa mhargadh saothair. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an nganntanas saothair freisin ach líon na gcéimithe ETIM a ardú agus ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna don mhargadh saothair a neartú i ngairmeacha teicniúla. Tá rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim íseal, go háirithe daoine a bhfuil cáilíochtaí ar leibhéal níos ísle acu. Cé cur cuireadh bearta i bhfeidhm chun an oideachas do dhaoine fásta a mhéadú, amhail ceart aonair na bhfostaithe ar 5 lá oiliúna in aghaidh na bliana agus cuntais foghlama aonair, beidh am ag teastáil sula mbeidh na héifeachtaí le brath agus b'fhiú measúnú a dhéanamh ar na bearta sin.

(27) In ainneoin ardchaiteachais phoiblí ar an oideachas, tá torthaí foghlama tar éis dul in olcas agus tá imní ann go fóill maidir le hionchuimsitheacht agus cothroime na gcóras oideachais agus oiliúna. De réir thorthaí Chlár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Daltaí 2022 tá laghdú fadtéarmach tagtha ar scileanna léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta i measc daoine atá 15 bliana déag d'aois (thearcfheidhmigh 25 % sa mhatamaitic, 25,3 % sa léitheoireacht agus 22,4 % san eolaíocht). Cé go raibh na rátaí is fearr feidhmíocht sa mhatamaitic san Aontas ag an mBeilg in 2012 (19,5 %), tháinig géar tagtha ar an bhfigiúr sin sna 10 mbliana ina dhiaidh sin (11,5 % in 2022, Pobal na Pléimeannaise: 15 %, Pobal na Fraincise : 6.9 %, Pobal na Gearmáinise: 6.4 %). Ina theannta sin, tá fás tagtha ar an mbearna thearcghnóthachtála idir scoláirí faoi bhuntáiste agus scoláirí faoi mhíbhuntáiste ó bhí 2018 ann. Tháinig ardú 9,2 pointe céatadáin ar ráta tearcghnóthachtála scoláirí faoi mhíbhuntáiste, agus shroich sé 45,8 % sa mhatamaitic (AE: 48 %, Pobal na Pléimeannaise: 41,4 %, Pobal na Fraincise: 51.1 %, Pobal na Gearmáinise: 35.6 %). Tá sé ríthábhachtach inniúlacht scoláirí i mbunscileanna a fheabhsú chun rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc grúpa faoi mhíbhuntáiste. Dá neartófaí gairm na múinteoireachta, go háirithe trí chobhsaíocht phoist a áirithiú agus oiliúint leanúnach atá curtha in oiriúint do riachtanais a bhíonn ag athrú, chuideofaí leis an nganntanas

múinteoirí cáilithe atá ag dul i méid a laghdú, rud a d'fhéadfadh neamhionannais oideachais atá ann cheana a mhéadú tuilleadh[28].

(28) Cuireann ualach ard rialála agus ardleibhéal castachta isteach ar thimpeallacht ghnó na Beilge. Tá ualach mór rialála ar chuideachtaí, go háirithe i ndáil le cánachas agus dlí an tsaothair. Tá na costais a bhíonn roimh FBManna chun córais saothair agus cánach a chomhlíonadh ard, go comparáideach, sa Bheilg, go háirithe do chuideachtaí a mbíonn ag plé le córais réigiúnacha éagsúla. Ina theannta sin, tá an dinimiceas gnó sa Bheilg ar cheann de na leibhéil is ísle san Aontas. Tá líon na ngnólachtaí nua atá ag tosú íseal, beag beann ar an méadú a bhí ann le déanaí, go háirithe i gcás cuideachtaí a bhfuil líon íseal fostaithe acu. Tá líon na ngnólachtaí ardfháis sa Bheilg go maith faoi mheán an Aontais. Tá ról ag srianta arda trádála in earnáil na seirbhíse i ndáil le dinimiceas gnó a laghdú. Bheadh gá freisin le haghaidh a thabhairt ar dheireadh a chur le srianta ar ghairmeacha rialaithe.

(29) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidithe choitinn le feidhmiú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadais, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun an moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Beilge, cuidíonn moltaí (1), (2). (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh agus an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Bheilg in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean fioscach-struchtúrtha meántéarmach a chur isteach go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás i nglanchaiteachas[29] in 2025 go ráta atá comhsheasmhach leis an bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair íslitheach shochreidte sa mheántéarma agus le heasnamh ginearálta an rialtais a laghdú faoi 3 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI. Aghaidh a thabhairt ar an méadú ar chaiteachas a bhaineann le haosú, lena n-áirítear tríd an gcóras cúraim sláinte a dhéanamh níos costéifeachtaí. Athchóiriú ar na córais chánachais agus sochair a shaothrú ar mhaithe le dreasachtaí chun oibre a neartú tríd an ualach cánach a aistriú ón saothar agus tríd an gcóras cánach agus sochar a shimpliú. An laghdú sa cháin saothair a mhaoiniú, lena n-áirítear trí chaiteachas cánach a laghdú. Go háirithe, bearta a dhéanamh chun fóirdheontais breosla iontaise a chéimniú amach, lena n-áirítear trí dhleachtanna máil a aistriú ó leictreachas chuig breoslaí iontaise.

2. Dlús suntasach a chur leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach, an chaibidil REPowerEU san áireamh, d'fhonn a chinntiú go mbeidh athchóirithe agus infheistíochta curtha chun cinn faoi Lúnasa 2026, trí rialachas éifeachtach a áirithiú.. Dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs a n-athbhreithnithe meántéarma, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus na deiseanna a

[28] An Coimisiún Eorpach 2023, *Education and Training Monitor: Belgique/België*.[An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint: An Bheilg].

[29] De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

chuireann an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas a chur san áireamh san am céanna.

3. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar mhí-oiriúint scileanna, go háirithe i ndáil leis an aistriú glas, agus beartais ghníomhachtaithe a neartú chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chomhtháthú i margadh an tsaothair. Feabhas a chur ar fheidhmíocht agus ar chothromas na gcóras oideachais agus oiliúna agus leanúint le hathchóirithe chun gairm na múinteoireachta a neartú.

4. An timpeallacht ghnó agus dinimiceas gnó a fheabhsú tríd an ualach agus castacht rialála a laghdú, agus na teorainneacha in earnáil na seirbhíse a mhaolú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán